View in browser

30 Meán Fómhair 2021

# Scéal, Scéal, Scéal…

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 68





## TIOMÁNAÍ Ó THEARMANN ÉANNA

Tá **Tearmann Éanna** ag lorg iarratais do phost páirt-aimsearatha mar thiománaí don tseirbhís Béile ar Rothaí i gceantar Chonamara Theas. Caithfidh gnáth cheadúnas tiomána glan a bheith ag iarrthóirí chomh maith le caighdeán maith Gaeilge agus tá sé tábhachtach go mbeadh taithí agus suim acu a bheith ag déileáil leis an bpobal. Is féidir níos mó eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le bainisteoirtearmanneanna@gmail.com nó 091 505540. Seol litir iarratais mar aon le CV chuig An Bainisteoir, Tearmann Éanna CTR, An Tulach, Baile na hAbhann, Co na Gaillimhe, H91 W540.

## CEILIÚRADH NA nÓG

Tá Ceiliúradh na nÓg á reáchtáil ag **Tuismitheoirí na Gaeltachta** le ceiliúradh a dhéanamh ar Oireachtas 2021. Cé nach mbeidh an tOireachtas ar siúl i mbliana, ba mhaith le Tuismitheoirí na Gaeltachta ceiliúradh a dhéanamh ar amhránaíocht, aithriseoireacht agus scéalaíocht sa nGaeltacht. Caithfidh rannpháirtithe 4 seachtaine ag cleachtadh le teagascóirí áitiúla le deis páirt a ghlacadh i gclár beo a chraolfar ar líne ag aimsir an Oireachtais. Is féidir teagmháil a dhéanamh le eolas@tuismitheoiri.ie

## GRADAM ÁRAS CHOIS FHARRAIGE 2021

Tá **Áras Chois Fharraige** ag glacadh le hiarratais anois do Ghradam Chois Fharraige 2021. Tá an scéim seo comhaoinithe ag an Áras i gcomhar le Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga agus Údarás na Gaeltachta. Bronnfar duais airgid ar an té a n-éiríonn léi/leis chomh maith le tréimhse oibre páirt-aimseartha san Áras. Tá an comórtas oscailte do scoláirí a bhfuil Gaeilge líofa acu agus a chuir tús lena gcuid staidéar altranais i mí Meán Fómhair 2021. Le cur isteach ar an gcomórtas, ní mór aiste 500 focal a scríobh bunaithe ar 'Na buntáistí a bhaineann le timpeallacht Ghaeilge labhartha d'aosaigh atá ina gconaí i dteach altranais.' Chomh maith le sin, cuirfear na hiarrthóirí faoi agallamh. Is féidir iarratais a sheoladh chuig Áras Chois Fharraige, Páirc, An Spidéal, Co. na Gaillimhe roimh 22 Deireadh Fómhair. Ná déan dearmad d'ainm, do sheoladh agus do chuid sonraí teagmhála a chur san áireamh. Má tá tuilleadh eolais uait, déan teagmháil le Katie Uí Chualáin ag 091 553 194

## COMÓRTAS URRAÍOCHTA

Tá comórtas urraíochta á reáchtáil ag **Cumann Sacair Chois Fharraige**. Tugann an comórtas deis do chomhlacht nó d'eagraíocht áitiúil urraíocht a dhéanamh ar fheisteas imeartha an chumainn. Is féidir ticéad a cheannach ar €100 le ainm d'eagraíocht a chur san áireamh don chomórtas. Glacfar le hiarratais go dtí 21 Deireadh Fómhair.

## SCOLÁIREACHT LE BUACHAN


Tá scoláireacht €1,500 á thairiscint ag **Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo**. Comórtas oscailte atá ann, oscailte do scoláirí tríú leibhéal agus iad siúd i mbun printíseachta. Ní mór d'iarrthóirí a bheith ina mbaill den Chomhar Creidmheasa. Dúnann an comórtas ar an Déardaoin 30ú Meán Fómhair. Is féidir foirm iarratais a líonadh anseo.

## FOLÚNTAS AG IONAD NA nIMIRCEACH

Tá **Ionad Cuimhneacháin na nImirceach** i gCarna sa tóir ar Oifigeach Diaspora le bheith mar bhall dá bhfoireann. Beidh sé de dhualgas ar an oifigeach ceangail a chruthú agus a chothú leis an diaspora Gaeltachta agus tacú le forbairt agus cur chun cinn an ionad léirmhíniúcháin ag Ionad Diaspora na Gaeltachta. Caithfidh taithí a bheith ag iarrthóirí ar thuairiscí a réiteach agus ar thaighde a dhéanamh, chomh maith le scileanna cumarsáide idir labhairt agus scríobh, i nGaeilge agus i mBéarla. Ba chóir iarratas mar aon le CV a sheoladh chuig ionaddiaspora@gmail.com roimh an Aoine 1 Deireadh Fómhair @ 5i.n.

## FLORA CHOIS FHARRAIGE

Tá suíomh idirlín spéisiúil curtha le chéile ag Seathrún Ó Tuairisg as Na hAille. Tugann an suíomh léargas ar phlandaí coitianta agus neamhchoitianta atá le feiceáil i gceantar Chois Fharraige. Is iomaí réimse a chlúdaítear ar an suíomh ón bportach agus sceach cósta go dtí colch nochtaithe agus cósta gainimh. Flora Chois Fharraige is ainm don suíomh.




## COMÓRTAS GRIANGHRAFADÓIREACHTA

Tá comórtas grianghrafadóireachta á reáchtáil ag Comhar Creidmheasa Colm Cille Teo. Tá an Comhar Creidmheasa sa tóir ar ghrianghraif a tógadh i do cheantar le linn na bliana le cur sa bhféilire do 2022. Bíonn an-éileamh ar an bhféilire chuile bhliain agus scaiptear é ar fud an domhain. Is féidir do phictiúr a sheoladh chuig comortas@cccholmcille.ie chomh maith le teideal roimh an 15ú Deireadh Fómhair. Bíodh an pictiúr i bhfoirm tírdhreach. Go n-éirí libh a chairde!




## PACÁISTE EOLAIS DO THUISMITHEOIRÍ

Tá pacáiste eolais réitithe ag Oifigigh Pleanála Teanga Chois Fharraige dírithe ar thuismitheoirí an cheantair. Tá go leor eolais ann maidir leis na tacaíochtaí atá á dtairiscint ag an bhFóram do thuismitheoirí agus acmhainní iontacha atá ar fáil le tacú leis an nGaeilge sa teaghlach mar aon le nodanna len í a neartú i suíomh an teaghlaigh freisin. Is féidir pacáiste a fháil ach teagmháil a dhéanamh

le

## TODHCHAÍ NA TUAITHE

Bhí teacht le chéile agus taispeántas closamhairc ar siúl lasmuigh de Dháil Éireann, faoi threoir Bhreanndán Ó Beaglaíoch ar an Deárdaoin seo caite. Eagraíodh an cruinniú le poiblíocht agus aird a tharraingt ar an tionchar atá ag polasaithe tithíochta an Rialtais ar chaomhnú na teanga agus an chultúir sa nGaeltacht agus faoin tuath. Rinne an comhlacht léiriúcháin Bang Bang Teo taifead ar an tionóil chomh maith le hagallaimh a chur ar roinnt Teachtaí Dála. Beidh an t-ábhar seo le feiceáil ar chlár faisnéise atá á thaifead ag Bang Bang Teo faoi thithíocht agus faoi chearta teanga.



Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta

mailer lite